Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

19–25 Eanáir 2025

## An Aoine: Saol Iomlán Beo ar Son an Leasa Choitinn



**Réamhrá**

'Tá dúshlán práinneach romhainn, an áit chónaithe coiteann a chosaint. Caithfear an cine daonna ar fad a thabhairt le chéile le forás comhtháite inbhuanaithe a chur chun cinn, toisc go dtuigimid go maith gur féidir athrú deimhneach a chur ar domhan. Ní thréigfidh an Cruthaitheoir muid; ní chuirfidh sé a phlean grámhar i leataobh, ná ní bheidh cathú air faoin gcruthú. Is féidir linn teacht le chéile leis an áit chónaithe coiteann a fheabhsú. Tá aitheantas, spreagadh agus buíochas ag dul dóibh siúd a bhíonn ag iarraidh an domhan a chosaint ar iliomad bealaí. Gabhaimid buíochas ar leith leis na daoine a bhíonn ag obair gan staonadh le tionchar an díghrádaithe comhshaoil ar bheatha na mbocht a leigheas. Lorgaíonn an óige an t-athrú. Ní thuigeann siad conas mar a d'fhéadfadh daoine atá in ainm is a bheith ag obair ar son na todhchaí feabhsaithe, a leithéid a dhéanamh gan bheith ag smaoineamh ar an ngéarchéim timpeallachta, agus fulaingt na ndaoine eisiata chomh maith.'
(An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 13)

## Acmhainn Fhíse

*Do na daltaí is sine:*
'The Common Good – Catholic Social Teaching' le The Religion Teacher
Físeán gearr (3n 24) a thugann míniú simplí ar an Teagasc Sóisialta Caitliceach.
https://youtu.be/J47IwCEUrtE

*Do na daltaí is óige:*
'*Laudato Si'*' beochan do na páistí' le CAFOD
Teachtaireacht an Phápa Proinsias mar gheall ar aire a thabhairt don áit chónaithe coiteann.
https://youtu.be/KOgF2Kgel6k

*Ginearálta:*
'7 Commitments to Change the World' le Global Compact on Education
Míniú faoi sheacht ngealltanas Chonradh Dhomhanda an Oideachais.
https://youtu.be/X_8HHxVIsvU

'For the Beauty of the Earth' le John Rutter.
Amhrán, agus íomhánna an nádúir ag dul leis.
https://youtu.be/xlBkpAm3fhw

'Brother River Meditation' le Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann.
Físeán le fuaimeanna agus íomhánna an nádúir le machnamh ar an gcruthú a éascú.
https://youtu.be/yUUiBGTmfW8

## Ceol

Tá réimse leathan amhrán anseo a scrúdaíonn tréithe an tsaoránaigh mhaith:
https://open.spotify.com/playlist/5nirvDoxTJNK3Fn9Rq09gS

Tá réimse leathan amhrán anseo ar théamaí an chruthaithe:
https://open.spotify.com/playlist/56dhAP6KnOr1HEJ4Yq5pL5

## Gníomhaíochtaí Molta

- Iarr ar na scoláirí léiriú radhairc a chruthú (póstaer, pictiúr nó ealaíon dhigiteach) a chuireann síos ar an tuiscint atá acu maidir le gné ar bith den chomhshaol. Cabhróidh sé seo mar léiriú cruthaitheach ar an machnamh a dhéanann siad.
- Cleachtadh Post-it: Iarr ar na daltaí fadhb a bhaineann leis an gcomhshaol a scríobh ar nóta Post-it agus a chur ar bhalla an tseomra ranga nó ar chlár. Is féidir leis na scoláirí an nóta a léamh agus a mhíniú ansin, más maith leo. Is féidir na nótaí a chur i dtoll a chéile, agus iad a chur in albam le húsáid níos déanaí.
- Críochnaigh Bileog Oibre 1 ar Chomhdháil Dhomhanda an Oideachais, mar atá thíos (lth. 5).
- Críochnaigh Bileog Oibre 2 ar *Laudato Si'*, mar atá thíos (lth. 6).
- Bíodh seirbhís ghearr urnaí, nó tráth urnaí agaibh de réir mar atá thíos (lth. 4).
- Bain úsáid as an PowerPoint atá ag gabháil leis an acmhainn seo.
- Roinn na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair gné/téarma éagsúil de Laudato Si' le plé dóibh; an gaol idir an duine is an nádúr; tionchar an tomhaltais ar an gcomhshaoil; an dualgas atá ar na náisiúin saibhre tacú leis na pobail bhochta; dlúthpháirtíocht idir ghlúine, 7rl.
- Déan ransú smaointe leis na daltaí maidir leis an eolas atá acu ar cheisteanna faoin gcomhshaoil. Scríobh na torthaí ar an gclár bán.

## Conclúid

'Ní glao príobháideach spioradálta é, freagairt a thabhairt ar chaoineadh an domhain, ach ceist an cheartais agus grá don chomharsa.' (Ciara Murphy, *The Messenger*, Feabhra 2020)

# Seirbhís Urnaí

(Is féidir leagan gearr a úsáid mar 'Tráth Urnaí' ag tosach nó deireadh an ranga. Tá na hamhráin atá luaite anseo le sonrú ar an PowerPoint a théann leis seo.)

**Amhrán Tosaigh**
'Brother Sun (Giving Glory!)' le The Porter's Gate:
https://open.spotify.com/track/5YgbeMpoND1fKLABJoPqTl

**Urnaí**
*Paidir ar son an domhain*
A Dhia uilechumhachtaigh, tá tú i láthair sa domhan ar fad agus sa chréatúr is lú atá ann. Beireann tú barróg ghrámhar ar gach a bhfuil ann. Doirt anuas orainn cumhacht do ghrá, ionas go ndéanfaimid an bheatha agus an áilleacht a chosaint agus a chaomhnú. Líon sinn le do shíocháin, chun go mairfimid mar dheartháireacha agus deirfiúracha, gan dochar a dhéanamh d'aon duine. A Dhia na mbocht, cuidigh linn daoine imeallacha tréigthe an domhain, atá luachmhar i do shúile, a shábháil.

Leigheasaigh ár saol féin, ionas go ndéanfaimis an domhan a chosaint agus gan creach a dhéanamh air. Deonaigh go gcuirfimid an áilleacht in áit an truaillithe agus an scriosta. Bog na croíthe díobh siúd nach bhfuil uathu ach brabach a dhéanamh ar chostas na mbocht agus na talún. Múin dúinn fíorluach gach ní a thuiscint, le go líonfar le hiontas muid, ionas go n-aithneoimid go bhfuilimid aontaithe go mór le gach créatúr agus muid ag taisteal i dtreo do sholas síoraí. Gabhaimid buíochas leat as a bheith linn gach lá. Guímid go spreagfar sinn le leanúint leis an streachailt ar son an cheartais, an ghrá agus ar son na síochána. Amen.
(An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 246)

**Amhrán Deiridh**
'The Maker' le Chris August: https://open.spotify.com/track/7LjiqiOFAZPc4SquVHq7mO



# Bileog Oibre 1

Is féidir an bhileog oibre a úsáid in éineacht leis an bhfíseán '7 Commitments to Change the World' ó Chomhdháil Dhomhanda an Oideachais: https://youtu.be/X_8HHxVIsvU.

Seo iad seacht ngealltanas Chomhdháil Dhomhanda an Oideachais. Déan machnamh orthu agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

1. Cuir an duine féin i gcroílár gach aon chlár oideachais.
2. Éist le guth na n-óg, is leis na páistí.
3. Spreag na cailíní is na mná óga le páirt iomlán a ghlacadh san oideachas.
4. Bunaigh an teaghlach mar fhoinse riachtanach an oideachais.
5. Cothaigh meon oscailte ionainn féin i leith na ndaoine leochaileacha ar an imeall.
6. Aimsigh bealaí úra leis an eacnamaíocht, an pholaitíocht, an fás is an dul chun cinn a thuiscint.
7. Cosain agus saothraigh an áit chónaithe coiteann.

1. Cén ceann de na seacht ngealltanas is tábhachtaí, dar leat? Cén fáth san?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

2. Cad iad na rudaí praiticiúla a dhéanfá le tacú leis an ngealltanas a roghnaigh tú?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

3. Cén ceann de na seacht ngealltanas is tábhachtaí ar scoil, dar leat?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

# Bileog Oibre 2

Léigh an t-alt seo agus freagair na ceisteanna.

> Tá dúshlán práinneach romhainn, an áit chónaithe coiteann a chosaint. Caithfear an cine daonna ar fad a thabhairt le chéile le forás comhtháite inbhuanaithe a chur chun cinn, toisc go dtuigimid go maith gur féidir athrú deimhneach a chur ar domhan. Ní thréigfidh an Cruthaitheoir muid; ní chuirfidh sé a phlean grámhar i leataobh, ná ní bheidh cathú air faoin gcruthú. Is féidir linn teacht le chéile leis an áit chónaithe coiteann a fheabhsú. Tá aitheantas, spreagadh agus buíochas ag dul dóibh siúd a bhíonn ag iarraidh an domhan a chosaint ar iliomad bealaí. Gabhaimid buíochas ar leith leis na daoine a bhíonn ag obair gan staonadh le tionchar an díghrádaithe comhshaoil ar bheatha na mbocht a leigheas. Lorgaíonn an óige an t-athrú. Ní thuigeann siad conas mar a d'fhéadfadh daoine atá in ainm is a bheith ag obair ar son na todhchaí feabhsaithe, a leithéid a dhéanamh gan bheith ag smaoineamh ar an ngéarchéim timpeallachta, agus fulaingt na ndaoine eisiata chomh maith.
>
> (An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 13)

1. Cad is brí leis an téarma 'áit chónaithe coiteann'?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

2. Cad iad na comharthaí a thugann le fios duit go bhfuil an cine daonna ag comhoibriú lena chéile leis an gcomhshaol, an áit chónaithe coiteann a thógáil?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

3. Cad é an sampla is measa den 'díghrádú comhshaoil' dar leat?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

4. Cad iad na rudaí praiticiúla a dhéanfá leis an áit chónaithe coiteann a thógáil?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

5. Cén fáth go mbeadh suim ag lucht an chreidimh san obair seo, agus a bheith sáite ann?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________